

TÍR AN NÓG

Saor le "Our Boys"

Luach 1 Phingin

LABHRÁS LEIPREACHÁN

Nollaig, 1966



1. "A thiarcais!" arsa Labhrás go cráite, "turcaithe ar £5 agus géanna ar £2! Tá sin iontach daor! Cá bhfaighidh mé dinnéar na Nollag?"




2. Cheannaigh sé góislín (éan gé) beo agus thug abhaile leis é. Rinne sé púdar draiochta chun an góislín a ramhrú agus thug dó é.



3. Caithfidh sé gur stuif iontach láidir é, mar d'fhás an góislín gan aon mhoill. Léim sé den bhord agus thug sé faoin geat. B'shin rud nuá!



4. B'sheo leis an geat an doras amach ar cosa in airde agus an ghé mhór ar a shála. Chuaigh siad ceangailte san Ollamh Glic. Ní raibh a fhios aige cad a bhual é!



5. Is ansin a thosaigh an tranglam i gceart. As an geith mór sneachta a chaith siad in airde tháinig bliúna, grágaileacha agus mi-amhnna.



6. Ach bhí gach aon duine sásta i ndeireadh na dála — dúirt an tOllamh agus Taidhgín le Labhrás go raibh an dinnéar go ríbhreá. Ní raibh a fhios ag an ngé!

EOCHAIR

NA

NOLLAG



Seomra Nollag a deineadh den seomra suite. Sin é mar a bhí gach bliain. Coicis roimh an Nollaig a thosaigh sé. Deireadh Mam gach bliain, "A leanai, fanaigi lasmuigh, tá na haingil an-ghnóthach istigh anseo." Agus CNAG — casadh an eochair sa ghlas agus níor fhéad aon duine dul isteach ina dhiaidh sin. Is é a dúirt Dóirín, "Tá an seomra Nollag ar an seomra is deise ar an domhan," agus cheap Rónán agus Eoinin an rud céanna.

Is fada an trémhse feithimh coicis. Ach tháinig an lá agus iompaíodh an duilleog deireanach ar an bhFéilire agus sa tráthnóna geobhaidís na brontainnis.

Shuigh na páistí sa hall agus iad ag iarraidh an t-am a chur tharstu. Bhí Mam gnóthach i seomra na Nollag ag cabhrú leis na haingil. Faoi dheirdeadh bhuail an seanchlog a dó dhéag, lár an lae. Tháinig Mam amach as seomra na Nollag. Dhún sí an doras agus chuir sí an eochair in airde ar raca na n-eochracha. "Seo libhanois, a pháistí," a deir sí. "An chuid agaibh ar mian leo fanacht ina suí um thráthnóna ní mór daoibh cod-ladh fada a bheith agaibh." Lean na páistí láithreach i. Bhí siad níos umhla ná bhí siad am ar bith eile sa bhliain.

Ach ní raibh rudai chomh socair feasta ar raca na Nollag. Bhí rud éigin ar siúl ar an gelár-raca seo agus is iontach den seomra suite. An bhliain go léir d'fhanadh an eochair

a dhéanamh. Is ag eochair an phriomhdhorais is mó a bhí údarás. Bhiodh sí ag dul timpeall amuigh ach toisc nach mbiodh sí sa bhaile rómhinic is ag eochair dhoras an ghairdín a bhiodh scéalta i dtaobh na n-éan agus na mbláthanna. Dúirt eochair sheomra an níocháin rudai leadránacha mar níor tharla faic dó sin am ar bith. Bhí seaneochair lán de mheirg ann freisin. Níor ús-



áideadh riamh i agus bhí dearmadta aici cén fát ar bhain sí léi. Uaireanta bhiodh sí ag rá rudai trína fiacla.

Uair sa bhliain d'éirídis an mheidreach, agus b'shin é an uair nuair a dheinti eochair don don seomra Nollag de eochair den seomra suite. An bhliain go léir d'fhanadh an eochair

sín go ciúin ina cúinne féin, ach um Nollaig thosaíodh rudai ag titim amach dó go tobann. Ansín chloisfeá, "osclaítear doras an tseomra suite ón taobh amuigh," "—ón taobh istigh," —ón taobh amuigh," agus leanadh sé sin an lá go léir, gach lá agus isteach go maith san oíche! Bhiodh sé sin an leadránach do dhuine nach mbeadh faic eile le déanamh aige ach sui ansin ag éisteacht. Ach thaitin sé sin go maith leis an eochair agus nuair a thagadh sí ar ais ar chlár na n-eochracha sa deireadh, deireadh na heochracha eile go léir le chéile, "cad é an scéal is déanai atá agat?"

Sea, agus ansin thosaíodh sí ag insint na scéalta go léir do na heochracha eile agus lean an chaint sin go maidin. Á! nach iontach an méid scéal a bhí le hinsint! Scéalta mar gheall ar an gerann Nollag a chuir boladh cumhra timpeall an tseomra ar fad, an crann a raibh na liathróidíni daite gloine ar crochadh. Bearta móra agus bearta beaga Nollag a oscláiodh. Tontach ar fad, Is minic a bhiodh na scéalta chomh greannmhar sin go lúbadh eochair an ghairdín siar leis an racht gáire a thiocfadh aistí. Níor mór dí diriú amach arís. "Ó! nach deas an saol atá ar eochair sheomra na Nollag," arsa na heochracha go léir. "Dá bhféadfaimis seomra na Nollag a fheiceáil uair amháin bheimis sásta."



Mar sin bhí siad uile agus spiorad ceart intu — agus an-sin go hobann, tip, tip, tip — bhí duine éigin ag teacht an staighre anuas. Cé a d'fhéadfadh bheith ag snámhcán timpeall agus gach duine ina chodladh! Cad is dóigh leat! — Bá é Eoinín beag é. Ba é díreach. Cad a bheadh sé a lorg sa hal-lá Nach ceart dó bheith ina shámhchodladh? Agus cad a bhí sé a dhéanamh anseo. Bhí stól aige á tharrac leis. Tharraing sé chomh fada leis an doras é, suas leis ar an stól agus é ag iarraidh gliúcaill tri pholl na heochrach. "Ó! nach ole an rud é sin," arsa an sean-chlog dilis agus stop sé suas leis an ngeit a baineadh as. Ó! . . . a thiarcais, cuimhnigh ar a leithéid! Nach é an garsúin-beag dána é! Cad a bhi sé a lorg sa halla. Bhí sé ag tarraic an stól go dtí clár na n-eochracha. Bhí in airde air. Bhí sé ag síneadh amach a láimhe i dtreo eochair sheomra na Nollaig. Ach sular fhéad sé í a ardú leis thit clár na n-eochracha ar an talamh agus rinne sé torann millteanach. Ní raibh ag súil leis sin. Dhearg sé go dtí bun na gcluas agus go tapaidh chuir sé an clár ar ais ar an bhfalla agus as go brách leis.

Bhí na heochracha ar crith le himshniomh. Agus rud ba mheasa ná sin ní raibh aon cheann acu ina háit cheart féin, agus nuair a tháinig Daid orthu agus é ullamh le dul amach, is eochair eile a chuir sé ina phóca in ionad eochair an dorais. Agus cad é an ceann é ach eochair sheomra na Nollaig!

Seo leis na páistí ag fothramail isteach sa halla. Bhí éadai áille Nollag ar gach aon duine acu. Dúirt Maimí leo: "Caithfidh sibh feitheamh timpeall uair a chloig, tá a lán eile le déanamh agam i seomra na Nollaig." Bhí sé cheana féin ag iarraidh an doras a oscailt — ach cad é sin — ní fhéadfadh sí! "Nach ait an rud é! Sin é eochair an tsiléir!" Agus an-sin fuair sí amach go raibh gach aon rud trína chéile ar an raca. Ó, a thiarcais! Cad a d'fhéadfai a dhéanamh Bhí eochair sheomra na Nollaig imithe! "Anois ní féidir linn aon bhrónntanais Nollag a fháil!" Thosaigh Dóirín ag gol. "B'fhéidir go ndéanfadh eochair éigin eile an gnó," arsa Maimí sa deireadh agus bhain sí triall as gach aon eochair acu i ndiaidh a chéile. Fuair gach eochair scracfhéachaint trí pholl na heocreach agus chonaiac siad uile na féiríní Nollag ach níor fhéad aon cheann acu an doras a oscailt.

Bhí Eoinín dána ina shuí sa chúnne an t-am seo go léir agus a choinsias á phroicadh agus bhí náire an domhain air. Faoi dheireadh d'éalaigh sé suas chuig a mháthair agus dúirt sé rud éigin, de chogar, léi. "Ó,

a Eoinín, b'olc an mhaise duit é sin a dhéanamh," arsa Maimí "ní maith le haingil na Nollag páití fiosracha. Cad a dhéanfaimid má imíonn siad leo féin aris agus le gach a bhfuil istigh i seomra na Nollag?" Bhí Eoinín trína chéile ar fad a nois. Ach gheall sé nach ndéanfadh sé rud mar é go deo aris.

I gceann ama tháinig Daid abhaile arís agus an eochair cheart aige. PLAP! d'oscail sé an doras go pras.

An uair seo bhí siad beagán déanach ag fáil a geuid féiríní. Ach d'fhan siad foighneach go leor. Bhuail cloigín beag binn — ting-a-ling, ting-a-ling — oscailodh an doras agus b'sheo isteach leis na páistí. Boladh cumhra, soilse i ngach áit, coinneal ar lasadh. Ó, nach é a bhí go hálainn!

Go hálainn! Sin é a bhí ag gach aon duine sa teach a rá. Agus bhí gach eochair tar éis an rud a theastaigh uaithi a fháil, is é sin gliúc isteach sa seomra Nollaig agus chonaiac siad iontais uile na Nollaig. D'inis siad an scéal ón siléar go dtí an áiléar — agus bhí a fhios ag gach aon duine agus ag gach aon rud go raibh an Nollaig ann.



ÍOSAGÁN

"An scéal céanna anseo, a Mhuire," arsa Iósaf, agus é ag filleadh uirthi tar éis lóistin a iarraidh, "níl slí dúinn in aon teach." Bhí an bheirt acu go turirseach an oiche Nollag úd i mBeithil. Bhí siad tar éis turas fada tuisiúil a dhéanamh, agus féachanois iad go huaigneach cásimhar sa tsráid fholamh.

Buachaill aimsire a chonaic mar sin iad, agus a thuig an scéal, ghabh suas chucu is dúirt:

"Imigí amach go dtí pluaiseanna na mbó lasmuigh den chathair agus gheobhaidh sibh compord beag ann."

Ghlac siad an chomhairle sin

agus do thogh siad bothán beag a bhí mar stábla ag ba agus asail.

Am mhairbh na hoíche a bhí ann agus an saol ina chiúin-chodladh. Go tobann, chuala na haoirí a bhí ag faire a dtréada sa dúthaigh sin, chuala siad ceol binn, agus san am céanna chonaic siad gathanna solais ag gealadh ceann de na stáblai. Bhí eagla an domhain orthu ach tharla rud a chiún-aigh iad: sheas aingeal den Tiarna lena n-ais agus dúirt:

"Ná biodh eagla oraibh, mar tá Slánaitheoir saolaithe inniu a bheidh ina chúis áthais daoibhse agus do na daoine uile."

Gluais na haoiri caol dir each go dtí an stábla ansin, agus féach, os a geomhair chonaic siad an Naónán Diaga ina luí i mainséar agus é fillte i bhfallaing.

Mar sin rug Muire Mháthair a céadghin fosa. Mar sin a rugadh Rí an Domhain i mainséar i bpluais. Agus fad a bhí Muire Mháthair agus Iósaf agus na haoirí ag adhradh fosagáin, a Rí, agus É ina luí sa mhainséar, bhí na sluaite aingeal ag liónadh na bhFlaitheas de na molta seo:

"Glóire do Dhia sna harda, agus ar talamh síocháin do lucht a pháirte."

TIMPSTE



1. Léim Tadhg Ó Dónaill dá chapall nuair a chonaic sé an fear ina luí i bpoll domhain roimhe amach, ar a dheis beagán. Seán Ó Laoire, gaisteoir (trapper) ainmhithe fiáine, a bhí ann. Duine de Rainséirí Texas ba ea Tadhg Ó Dónaill. Aimsir na Nollag ba ea é agus bhí an sneachta á shéideadh ó na sléibhte anuas. Chuir an rainséir a chara ar a chosa. Mearbháll a bhí ar Sheán tar éis titim dá shleamhnán.



2. Bhí an sleamhnán i smidiríni agus an capall rite leis fein. "Nach deas an cruachás ina bhfuilim Oíche Nollag," arsa Seán Ó Laoire, "agus mo bhean is na páistí ag baile ag feitheamh lena nDaidí anocht! Tá na craicinn agam agus is maith an rud an méid sin tar éis na trioblóide go léir. Ach caithim an baile a bhaint amach más de chois fein é."

SCÉAL TAIBHSÍ

Is breá liom éisteacht le scéalta faoi thaibhsí. Scéalai iontach maith sea Hiúdai agus nuair a bhuaileann sé isteach chugainn ag airneán euirimid fáilte Uí Cheallaigh roimhe. D'inis sé an scéal seo dúinn cúpla oíche ó shin.

Deich mbliana ó shin bhí lion tí uasal álainn ag cur fúthu i mbaile beag i gContae Lú, Triúr girseach agus triúr gasúr a bhí sa chlann agus slua de pháistí sona sásta ba ea iad.

Ach, thit réalta na tubaiste orthu gan choinne ar bith acu léi. Sciob an bás uathu a máith-rín mhúirneach agus gan fí ach an-óg. Na créatúir bhochta nach iad a bhí go buartha brónach agus ní gan fáth. Nach i

"Maimí" gealach is grian gach lion tí?

Ní raibh "Daidí" féin mar a bhiodh. Bhí cead a geinn, nach mór, ag na páistí feasta.

Sé bliana ina dhiaidh sin chuaigh Seán, an duine ba shine den chlann, ar an ól. Déanach go leor a thagadh sé abhaile freisin. Lean an scéal mar sin go ceann tamaillín.

Uair amháin agus é ag filleadh abhaile go mall san oíche, chonaic sé duine éigin ag geata a thí féin. Aisteach go leor, is in éadaí báná a bhí an duine gléasta. D'fhan Seán tamaillín ag barr na sráide ag amharc síos uaidh. Ar aghaidh leis leathbhealach. Bhual eagla é agus d'fhill sé. Anonn is anall

leis ag barr na sráide. Bhí sé amach go maith san oíche faoi seo.

Mhúscail sé a mhisneach. Ar aghaidh leis de choiscéimeanna tromá fadálacha. Ghluais an duine ar aghaidh roimhe i dtreo dhoras theach Sheáin. Lean Seán é. D'oscail an doras roimhe agus d'imigh an duine isteach. Lean Seán é. Dhún an doras ina dhiaidh.

Ansin d'iompaigh an duine is d'amharc idir an dá shúil ar Sheán.

"Ó!" a bhéic Seán agus thit sé gan aithne gan urlabhra ar an urlár. Spiorad a mháthar a bhí ann.

Ón lá sin go dtí an lá seo níor bhlaís Seán deoch mheisciúil.

NOLLAG



3. Ba mhó d'eolas a bhí ag Tadhg Ó Dónaill ar an dúthaigh ná bhí ag Seán Ó Laoire, mar nach raibh Seán rófhada ann. "Nil an abhairn reoite fós," ar seisean. "Is é an rud a dhéanfaimid ná rafta agus déanfaidh sé gach rud, tú féin is na craicinn is uile, a iompar go dtí an port thall. Ní bheidh ach turas gairid le déanamh agat ansin."



4. Bhí an rafta mór go leor chun an gaist-eoir agus a raibh aige agus an Rainséir is a chapall a iompar. B'sheo leo trasna na habhann. Ní raibh ach turas gairid le cur díobh acu ansin go dtí teach an ghaissteora agus go dtí a chlann. Bhí Nollaig aoibhinn faoi shéan agus faoi mhaise ag an gelann go léir — agus ag an Rainséir!

DHÁ BHÉIRÍN BHRÉIGE



532

Dhá bheirin bheaga bhréige a bhí ann i lár an Gheimhrídh agus an talamh clúdaithe le sneachta. Bhí ceann acu tar éis an-saol a bheith aige i rith an tSamhraidh. Fuair sé mil i bpoll sa chrann, bhí a lán caor ar na sceacha agus ar na toir agus d'éirigh leis a dhóthain bia a bheith aige. San Fhómhar thit na duilleoga de na crainn anuas ar an talamh agus rinne sin leaba an-deas don bhéar óg seo, mar bhailigh an ghaoth le chéile na duilleoga agus rinne leaba fhiordheas.

Lá amháin dhúisigh sé agus d'fhéach amach uaidh agus chonaic sé an spéir dhubh agus na scamaill agus chonaic sé crainn na coille ag lúbadh faoin ghaoth uafásach. Chuir sé air a

chuid éadaí Geimhrídh agus chuaigh ag siúl sa sneachta a bhí ina lui ar an talamh i ngach áit, é fuar agus bán. Ach lean sé air ag siúl go dtí go bhfaca sé teachín beag gleoite sa choill.

Tamaillín ón teachín chonaic sé ailp mhór bhán agus sórt scuaibe ina dhá láimh agus srón fhada dhearg uirthi. Bhraith Béirín fonn air féin gur mhaith leis labhairt le duine éigin agus chuaigh sé anonn go dtí an fear sneachta, mar sin é an rud a bhi ann.

Cibé rud a déarfadh sé leis an bhfeir sneachta ni bhfuair sé freagra ar bith—mar nach labhraonn fir shneachta, ar ndóigh. Ach cen tsí a mbeadh an teolas sin ag Béirín?

“Cheap mé gur chuala mé

duine éigin ag caint leis an bhfeir sneachta,” arsa duine éigin laistiar de Béirín. D’iompaigh Béirín timpeall agus cad a d’fheicfeadh sé ach caillinn bhéirín álainn. “Bionn uaigneas ormsa freisin,” ar sise ag leanúint urithi ag caint, “agus uaireanta ní fheicim aon duine go ceann na mionna fada. Sin é an chúis go ndearna mé an fear sneachta!” Chuir sin áthas ar Béirín mar bhí sé féin uaig-neach freisin. “Inseoidh mé duit é,” ar seisean. “Tiocfaidh mise anseo gach lá chun cainte leat agus beimid an-sásta le chéile agus ní bheidh uaigneas ar aon duine againn go deo arís !”

Agus is sin é mar a thosaigh sé go léir. Sular tháinig an tEarrach bhí an dá bhéirín pósta. Ní bheidh orthu fear sneachta a dhéanamh arís chun duine a fháil chun labhairt leis. Tá siad in ann bheith ag caint le chéileanois i gcónai.



NA SIOPAÍ

Nach iontach an radharc é gach siopa um Nollaig! Fiú amháin na siopai beaga sna culsráideanna, cuirtear slabhsíri pípéis suas iontu agus sí-

shoilse freisin chun iad a dhéanamh deas le haghaidh na Nollag. Ach is é an rud is fearr liom a dhéanamh ná aon rud eile—dul timpeall ó shiopa

go siopa ag féachaint ar darudai iontacha sna fuinneoga agus a rá i m’aigne na rudai a cheannóinn dá mbeadh an t-airgead agam. Agus dó mbeinn i mo mhilliúnaí, cheannóinn lán siopa de bhréagáin amach do na páistí bochta nach mbeidh Nollaig cheart acu.



CUINNE UNCAIL PÓL

AN NOLLAG IONTACH SO

Is maith liom an Nollaig,
Is maith liom go mór
An spórt is an tsaoire
An siamsa, an ceol.
Is maith liom an Nollaig go
mór.

Is maith liom an lá sin,
Is maith liom go mór
Nuair a dhéanann mo Mhaimí
Cistí is putóg.
Is maith liom an lá sin go mór.

Is maith liom an oíche
Is maith liom go mór
Nuair a sheicim an crann
Le hornáidi go leor.
Is maith liom an oíche go mór.

Is maith liom an mainséar
Is losagán ann;
Is na haoirí a tháinig
Óna dtréada sa gheann.
Is ceapaim go gcloisim na
haingil ag ceol
Is maith liom an Nollaig go
mór.

CÁRTAÍ NOLLAG

Tá a lán cártáí Nollag sna siopai faoi láthair agus tá a lán acu go han-deas ar fad. Is dócha go mbeidh tú féin ag dul amach lá éigin chun cártáí a cheannach le cur chun do chairde. Nuair a bhíonn tú ag lorg cártáí, cuimhnigh gurb i an Nollaig lá breithe fossa agus ceannaigh cártáí nach ndéanann dearmad de sin. Déantar cártáí an-deasa in Éirinn agus má cheannaionn tú iad sin beidh tú ag cabhrú le déantús Éireannach. Cuir cártáí i nGaeilge agus scriobh d'ainm i nGaeilge orthu.

LITIR NOLLAG

64, An Bóthar Mór,
Baile Beag,
Éire.

Nollaig, 1966.

A Shan Nioclás, a Chara,
Feicfidh tú ón seoladh thusa
nach bhfuilim i mo chónai sa
teach in raibh mé anuraidh.
Níor mhaith liom tú a dhul go
dtí an áit mhícheart leis na
rudáin deasa atá agat dom. Bhí
tú go han-mhaith dom Nollaig
1965 agus tá a fhios agam go
ndéanfaidh tú níos fearr Nollaig
1966. Ná déan dearmad
ar mo thraein aibhléise, más é
do thoil é. Más féidir leat, cuir
cúpla punt isteach le mo chuid
féisíní Nollag mar níl pingin
rua agam chun rudáin a chean-
nach do mhuintir an tí.
Tá grá mór agam duit,
Do chara,
Tomáisín Ó Túisín.

TAIBHSE

Is iontach an scéalaí é m'Uncail Séamas. Tá scéalta aige
nach bhfuil in aon leabhar
agus is minic a inseann sé
ceann dom.

"Inis scéal fá thaibhsí dom,"
arsa mé leis uair.

Thosaigh sé.

"Bhí Seán Pól Ó Néill ag
teacht abhaile oíche dhorcha
agus é ag siúl ar chosán tríd
an geoill. Go tobann chuala
sé rud éigin taobh thiar de agus
d'fhéach sé thar a ghualainn.
D'éirigh a chuid ghruaige ina
seasamh ar a cheann mar bhí
taibhse ag teacht chuige aníos
an cosán! Thug Pól do na cosa
é agus b' shiúd leis ar cosa in-

airde. Nuair nach raibh anáil
ar bith fágtha aige b'éigean dó
stad agus suí síos. Shuigh sé
agus bhraith sé lámh ar a
ghualainn. Bhí an taibhse ina
shuí lena ais! Labhair an
taibhse.

"Rinne tú rith an-tapaidh an
uair sin!" ar seisean. "Ní fhaca
tú mé ag rith fós!" arsa Pól!
agus as go brách leis arís ar
luas mire.

CEIST ORNAIDEACHAIS LE RÉITEACH



Iarradh ar Mháire na hornáidi
a chur ar cheithre chrann i
geomhair fhleá na Nollag.

Ach chaithfeadh sí bheith air-
each agus gan rudáin a mheasc-
adh. Ní raibh de chead aici ach
cloig nó réaltaí nó liathróidí
daite nó coinnle a chur ar aon
chrann acu.

Mar sin bhí beagán athruithe
le déanamh ag Máire agus gan
aici chuige ach nóiméad.

Cad é an tsíli is tapúla di chun
an cheist a réiteach

RÉITEACH

Na réaltáil 6 crainn a 2, a 3,
agsa a 4 ar chrann a 3,
Na cloig 6 crainn a 1, a 2,
2, agus a 3 ar chrann a 4,
Na liathróidí 6 crainn a 1, a 2,
agsa a 4 ar chrann a 2,
Na eoinne 6 crainn a 1, a 3,
agsa a 4 ar chrann a 1, a 3,
Na réaltáil 6 crainn a 2, a 3,
agsa a 4 ar chrann a 1,

STOCA NOLLAG

Fuair mé stoca Nollag
Ó aintin liom inné.
Ar chuala tú an gáire
Nuair a d'oscail mise é?

Bhí cluichi ann 'gus gunna;
Is bád le hinneall ann.
An bhfaca tú mo shúile
Ag rince i mo cheann


Bhí mála lán de scillingí;
Chomhraios iad go léir.
An bhfaca tú an láim ard
A thug mé ins an spéir?

Bhí a lán milseán le hithe,
Milis, bog is mór.
An bhfeiceann túanois mé?
Táim tinn go leor!


Taidhgín Tréan An Leanbh Láidir



1. Bhí an sneachta go domhain ar an talamh agus bhí an-spórt go léir ag na garsúin. Seo leo cliathán an chnoic sios ar mire, ar a steamhnáin. Ní raibh aon cheann ag Taidhgín ná ag a chairde ach bhual smaoineamh Taidhgín.



2. "Is dóigh liom go bhfuil a fhios agam cad is fearr dúinn a dhéanamh," ar seisean. "Leanaigí mise, a gharsúna!" Chuaigh sé go dtí carn fuilligh (dump) na háite. "An dtabharfaidh tú dom an seandréimire iarainn sin, le do thoil?" "Go deimhin," arsa an fear faire.



3. Ní raibh a fhios ag na garsúin eile cad a dhéanfadh Taidhgín leis an seandréimire iarainn. Ach bhí a fhios ag Taidhgín! Faoi luas lasrach phléasc sé an dréimire i gcoinne crainn mhóir. Rinne sé an rud céanna le ceann eile an dréimire.



4. Bhí dhá cheann an dréimire lúbtha go rítheas anois aige, agus steamhnán an-bhreá déanta den seandréimire iarainn. Go tapaidh tharraing sé féin is a chairde an cnoc suas é. Cheangail siad clár leis agus ba ghairid go raibh siad ag steamhnú leo.

OUR BOYS

Christmas Number

1/-



Sean Slattery -